Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9088/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0006(COD)**

**CODEC 750**
**COH 7**
**CADREFIN 260**
**SOC 344**
**ENER 229**
**ENV 366**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1] agus an 28 Bealtaine 2020, a thogra leasaithe[2], bunaithe ar Airteagail 175(3) agus 322(1)(a) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairimí uaidh an 10 Meitheamh 2020[3] agus an 18 Meán Fómhair 2020[4].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 2 Iúil 2020[5].

4. Thug an Chúirt Iniúchóirí a tuairim uaithi an 20 Iúil 2020[6].

[1] 5256/20 + ADD1
[2] 8386/20 + ADD1
[3] IO C 311, 18.9.2020, lgh. 55–62
[4] IO C 429, 11.12.2020, lgh. 240–244
[5] IO C 324, 1.10.2020, lgh. 74–87
[6] IO C 290, 1.9.2020, lgh. 1–7

5. An 18 Bealtaine 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[7].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 5/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[7] 8833/21